**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0221/2020**

6.7.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

chun an díospóireacht maidir leis na ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún a thabhairt chun deiridh

de bhun Riail 132(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le straitéis sláinte poiblí an Aontais don ré i ndiaidh COVID-19
(2020/2691(RSP))

**Peter Liese**
thar ceann Ghrúpa PPE

**B9-0221/2020**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le straitéis sláinte poiblí an Aontais don ré i ndiaidh COVID-19**
**(2020/2691(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint d'Airteagal 114 CFAE,

– ag féachaint d'Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac[1],

– ag féachaint do Riail 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur léirigh géarchéim COVID-19 nach bhfuil beann ar theorainneacha ag bagairtí sláinte agus an fáth a bhfuil gá le freagairt Eorpach níos comhordaithe;

B. de bhrí go n-aithnítear le CFAE (Airteagal 168) agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 35) 'go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais' agus, chun na críche sin, gur 'ar ardleibhéal cosanta a bheidh tograí an Choimisiúin dá bhforáiltear i mír 1 maidir le sláinte, sábháilteacht, cosaint an chomhshaoil agus cosaint an tomhaltóra bunaithe, agus aon fhorbairt nua atá bunaithe ar fhíorais eolaíocha á cur san áireamh go háirithe. Faoi chuimsiú a gcumhachtaí faoi seach, féachfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an gcuspóir sin a bhaint amach freisin' i ndáil le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (Airteagal 114 CFAE);

C. de bhrí go n-aithnítear go sainráite le CFAE (Airteagal 168) ról suntasach don Aontas 'a bhainfidh leis an tsláinte phoiblí a fheabhsú, le tinnis agus galair an duine a chosc agus le foinsí contúirte do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach a sheachaint. Cumhdóidh gníomhaíocht den sórt sin an comhrac in aghaidh na móraicídí trí thaighde ar na cúiseanna atá leo, ar a dtarchur agus ar a gcosc, maille le faisnéis agus oideachas sláinte, a chur chun cinn, agus trí fhaireachán a dhéanamh ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte, rabhadh a thabhairt go luath faoi bhagairtí den sórt sin, agus iad a chomhrac';

D. de bhrí go sonraítear in Airteagal 168 de CFAE go ndéanfar 'ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais', agus de bhrí go bhfuil rialú tugtha roinnt mhór uaireanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur féidir le AE cuspóirí sláinte poiblí a shaothrú trí bhearta an mhargaidh inmheánaigh;

E. de bhrí gur faoi raon feidhme na hinniúlachta sin is ea atá AE ag obair chun feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí, chun dul i ngleic le bagairtí tromchúiseacha trasteorann, chun

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0054.

galair an duine agus galair ainmhithe a chosc agus a bhainistiú, chun rioscaí do shláinte an duine a mhaolú agus chun straitéisí sláinte idir na Ballstáit a chomhchuibhiú;

F. de bhrí go bhfuil sainghníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) a chur ar bun ina léiriú ar thiomantas méadaitheach AE don bheartas sláinte;

G. de bhrí go bhfuil an clár 'EU4Health', ag a bhfuil buiséad molta de EUR 9.4 billiún, ina léiriú láidir ar an ról méadaitheach atá ag AE sa bheartas sláinte poiblí;

H. de bhrí, in ainneoin na hoibre go léir atá á déanamh cheana ar leibhéal AE, go bhfuil deis shuntasach fós ann don Aontas Eorpach i bhfad níos mó a bhaint amach i dtaca leis an mbeartas sláinte laistigh de na Conarthaí atá ann cheana; de bhrí go bhfuil forálacha na gConarthaí fós tearcúsáidte den chuid is mó ó thaobh na gcuspóirí ar ina leith a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na forálacha chun iad a bhaint amach[2];

I. de bhrí go n-aithnítear go forleathan gur féidir tairbhe nach beag a bheith ag roinnt le rochtain ar chúram sláinte trasteorann agus le comhordú níos fearr agus cur chun cinn dea-chleachtas idir na Ballstáit[3];

J. de bhrí go bhfuil an Eoraip seo againn fothaithe ar an gcoimhdeacht agus ar an dlúthpháirtíocht;

K. de bhrí nach féidir aghaidh a thabhairt ar bhagairtí trasteorann ach i dteannta a chéile;

L. de bhrí gur chuir Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir nach bhfuil beann ag an bpaindéim ar aon teorainneacha ná idé-eolaíochtaí, agus gur ina leith a theastaíonn comhar agus dlúthpháirtíocht an phobail idirnáisiúnta iomláin agus neartú ar chóras na Náisiún Aontaithe, agus ar an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go háirithe;

1. á iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha agus ar na Ballstáit na ceachtanna cearta a fhoghlaim ó ghéarchéim COVID-19 agus páirt a ghlacadh i gcomhar níos láidre i réimse na sláinte, toisc nach bhfuil beann ar theorainneacha ag bagairtí sláinte amhail COVID-19; ag iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí an tAontas Eorpach don tSláinte a chur chun feidhme láithreach;

2. ag cur béim ar an bhfíoras go ndéantar foráil leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) maidir le i bhfad níos mó gníomhaíochta Eorpaí a dhéanamh ná mar a rinneadh le blianta beaga anuas, agus á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh gníomhaíochta agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar na roghanna ar bhealach atá níos dearfaí ná an bealach a rinne siad breithniú orthu san am a

---

[2] Staidéar dar teideal 'Acmhainneacht Chonarthaí AE a scaoileadh: Anailís airteagal ar airteagal i ndáil leis an acmhainneacht atá ann dul i mbun gníomhaíochta', Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, a foilsíodh an 28 Bealtaine 2020, https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2020/651934/EPRS_STU(2020)651934_EN.pdf

[3] Staidéar dar teideal 'Díbhinn dhá thrilliún euro na hEorpa: Costas na Neamh-Eorpa a Mhapáil, 2019-24', Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, a foilsíosh an 18 Aibreán 2019, https://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/document.html?reference=EPRS_STU(2019)631745

chuaigh thart;

3. ag cur in iúl a hiarrata gur cheart go gcuirfeadh an beartas sláinte Eorpach a bheidh ann amach anseo leas fisiceach, meabhrach agus sóisialta na saoránach i gcroílár aon ghníomhaíochta, bunaithe ar Airteagal 3 CAE, lena gcuirtear dea-bhail na nEorpach uile i gcroílár an bheartais Eorpaigh, i gcroílár cinntí nuálaíochta agus eolaíochtbhunaithe agus i gcroílár na húsáide a bhaintear as dul chun cinn leighis chun saol laethúil gach duine a fheabhsú;

4. ag tacú go láidir leis an gcur chuige 'cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais' (HIAP) agus lena chur chun feidhme iomlán mar fhreagairt ar nádúr trasearnála na sláinte poiblí agus á chur in iúl go bhfuil sé d'aidhm aici gnéithe sláinte a chomhtháthú go cothrománach i ngach beartas ábhartha, amhail an talmhaíocht, iompar, an trádáil idirnáisiúnta, taighde, an comhshaol agus an aeráid;

5. á chur i bhfios nach bhfuil deireadh le géarchéim COVID-19 agus go mbeidh ionfhabhtuithe agus básanna breise ann mura ndéanfaimid cur chuige stuama a fheidhmiú; ag tacú le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le vacsaíniú agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit é a chur chun feidhme go gasta; á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh rochtain ag saoránaigh uile na hEorpa agus ag othair sa chuid eile den domhan ar vacsaín agus/nó teiripe i gcoinne COVID-19; á chur i bhfios gur cheart don Aontas Eorpach idirphlé agus comhar a iarraidh, ach plean B a bheith i bhfeidhm aige freisin más rud é nach mbeidh tríú tíortha in ann an vacsaín agus/nó an teiripe nó an t-eolas atá acu faoi seach a chomhroinnt; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ceadúnais éigeantacha agus bearta trádála a bhreithniú sa chás sin;

6. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur gá, don am atá le teacht, múnlaí de chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí amhail Údarás Ardtaighde agus Forbartha Bithleighis na Stát Aontaithe a bhunú chun freagairt níos tapúla i ngéarchéim chomhchosúil;

7. ag áitiú go leagfaí amach freagairt Eorpach níos fearr ar phaindéim trí, i measc nithe eile, neartú ECDC agus EMA, agus á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh cé acu a bheadh nó nach mbeadh rialachán maidir le bagairtí sláinte trasteorann indéanta ó thaobh an dlí de agus cabhrach sa chomhthéacs sin;

8. ag iarraidh go ndéanfaí an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann a thrasuí níos fearr, go háirithe i bhfianaise chásdlí CBAE, chun na príomhchoincheapa maidir le soghluaisteacht othar, nósanna imeachta aisíocaíochta agus réamhúdarú a shoiléiriú;

9. ag iarraidh go ndéanfaí, faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus faoin bPlean Téarnaimh, i bhfad níos mó béime a leagan ar an tsláinte, agus ag gealladh go dtiocfaidh sí ar chomhaontú go pras maidir le clár EU4Health agus maidir leis na gnéithe sláinte den Phlean Téarnaimh; ag iarraidh go mbunófaí ciste tiomnaithe de chuid an Aontais chun cabhrú leis na Ballstáit a mbonneagair ospidéil agus a seirbhísí sláinte a neartú;

10. á chur i bhfios go bhfuil ról bunúsach ag taighde sláinte, agus ag iarraidh go mbeadh tuilleadh sineirgí ann leis an taighde a dhéantar sna Ballstáit, agus go ndéanfaí líonra acadamh sláinte AE a bhunú mar chuid de phlean sláinte domhanda;

11. ag iarraidh go mbeadh creat rialála uaillmhianach agus soiléir ann do ghnólachtaí Eorpacha, mar aon le hacmhainní tiomnaithe don eolaíocht agus don taighde sláinte, toisc gur bunriachtanach tionscal sláinte Eorpach rathúil agus ardteicneolaíoch agus pobal taighde iomaíoch;

12. á chur in iúl gur geal léi go mór tiomantas Uachtaránacht na Gearmáine ar an gComhairle i leith aghaidh a thabhairt ar ghanntanas cógas agus táirgí eile amhail trealamh cosanta pearsanta, agus á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún gníomhú láithreach, agus seasamh na Parlaiminte ar na saincheisteanna sin á chur san áireamh; ag iarraidh go ndéanfaí, i mbliana, bearta gearrthéarmacha a chur chun feidhme agus go dtiocfaí ar chomhaontú maidir le bearta fadtéarmacha ar a laghad ar bith;

13. ag leagan béim ar an ról tábhachtach atá ag tionscal na hEorpa i réimse na cógaisíochta agus i réimsí eile a bhaineann leis an tsláinte agus ag tacú le cur chun cinn cuideachtaí diminsin de chuid an Aontais a dhreasaíonn nuálaíocht agus táirgeadh laistigh den Aontas, agus a laghdaíonn spleáchas an Aontais ar thríú tíortha trí shlabhraí soláthair agus acmhainneachtaí monaraíochta le haghaidh tháirgeadh na dtáirgí sin a éagsúlú, chomh maith le cumais monaraíochta dhigiteacha, amhail priontáil 3T, a chomhthiomsú agus a chomhordú;

14. ag moladh do na tíortha uile a bheith páirteach i gComhaontú um Dhíchur Taraife Cógaisíochta na hEagraíochta Domhanda Trádála, ag áitiú go ndéanfaí a raon feidhme a leathnú chuig gach táirge cógaisíochta agus míochaine agus ag tacú le córas láidir Eorpach um Maoin Intleachtúil (IP) a choimeád ar bun chun taighde agus forbairt agus monaraíocht san Eoraip a spreagadh, agus chun a áirithiú go mbeidh an Eoraip fós ina nuálaí agus ina ceannaire domhanda;

15. ag tacú le plean an Choimisiúin straitéis cógaisíochta a thíolacadh ag deireadh na bliana seo agus ag tathant ar an gCoimisiún cloí leis an sceideal ama sin;

16. ag tacú le plean an Choimisiúin Plean Sáraithe Ailse a thíolacadh agus ag gealladh oibriú, *inter alia*, lena choiste neamhbhuan sa chomhrac in aghaidh na hailse;

17. ag tathant go láidir ar an gComhairle teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir maidir leis an togra le haghaidh measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte (HTA) agus ag iarraidh go mbeadh toradh dearfach ar an gcaibidlíocht thríthaobhach faoi dheireadh na bliana;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún na tograí seo a leanas a thíolacadh, faoin 1 Iúil 2021 ar a dhéanaí, tar éis anailís dhlíthiúil chúramach agus measúnú tionchair:

a) creat dlíthiúil chun nuálaíocht a spreagadh i ndáil le hantaibheathaigh nua a chruthú toisc go dteastaíonn táirgí nua go géar uainn;

b) togra maidir le máistirphlean le haghaidh r-shláinte, lena n-áirítear tograí nithiúla, agus, más gá, tograí reachtacha maidir le r-shláinte, go háirithe saincheist na comhoiriúnachta idir córais na mBallstát;

c) bearta chun tionchar na n-éagothromaíochtaí suntasacha in acmhainneacht córas cúraim sláinte ó thaobh infhaighteacht gairmithe leighis de a mhaolú;

d) plean gníomhaíochta nuashonraithe maidir le galair neamhchoitianta agus galair a bhfuil siléig déanta iontu;

e) plean gníomhaíochta uile-AE maidir leis an meabhairshláinte;

f) straitéis Eorpach cúramóirí;

g) plean gníomhaíochta nua maidir le Lucht Saothair Sláinte AE, toisc go bhfuil an plean atá ann faoi láthair le dul in éag in 2020, ina gcuirtear san áireamh taithí na paindéime chun creat straitéiseach agus oibríochtúil nua leormhaith a sholáthar do ghairmithe cúraim sláinte;

h) togra reachtach chun sábháilteacht othar a mhéadú, go háirithe maidir le cógais, trí bhosca fíricí drugaí ina n-áirítear an fhaisnéis is tábhachtaí d'othair a mholadh, i measc nithe eile;

i) togra maidir le conas maoiniú neamhspleách grúpaí Eorpacha othar a fheabhsú;

j) togra chun dreasachtaí a chruthú le haghaidh táirgeadh agus tomhaltas táirgí talmhaíochta Eorpacha lena rannchuidítear le stíl mhaireachtála shláintiúil, mar shampla trí CBL ar thorthaí agus ar ghlasraí a laghdú;

k) plean gníomhaíochta chun trédhearcacht faisnéise sláinte a fheabhsú agus chun an bhréagaisnéis a chomhrac;

19. ag leagan béim láidir ar an ngné idirnáisiúnta den chúram sláinte; á athdhearbhú ról tábhachtach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) agus á chur in iúl gurb oth léi iompar riarachán na Stát Aontaithe ina leith sin, ach á iarraidh freisin ar an EDS a bheith réidh le feabhsú, mar shampla maidir le rannpháirtíocht na Téaváine;

20. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.